# Ráiteas um Chumhdach Leanaí Ghaelscoil Míde

Gaelscoil mheasctha, aonsruthach is ea **Gaelscoil Míde** a chuireann oideachas ar fái trí mheán na Gaeilge ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Sé.

De réir riachtanas an Achta *Tús Áite do Leanaí 2*015, Tús Aite do Leanaí: Treoirlínte Naisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 agus de réir na Treorach ó *Tusla* maidir le hullmhúchán Ráiteas um Chumhdach Leanaí, tá aontaithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Míde an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a leagan amach sa cháipéis seo.

1. Tá glactha ag Bord **Bainistíochta Ghaelscoil Míde** le Nósanna Imeachta na Roinne maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 mar chuid den Ráiteas iomlán Chumhdach Leanaí agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ina n-iomláine, gan leasú.

2. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) is ea: **Joe Ó Dónaill** (Príomhoide)

3. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe Tánaisteach (DIAT) is ea: **Caitríona Ní Dhonnchu** (Príomhoide Tánaisteach)

4. Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Míde go bhfuil cúrsaí chosaint agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol na scoile agus gur gá go bhfeicfear é seo i bpolasaithe uile na scoile, i nósanna imeachta na scoile, i gcleachtas na scoile agus in imeachtaí na scoile. Cloífidh an scoil leis na prionsbail dheachleachtais a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí. Déanfaidh an scoil:

   (a) Cosaint agus Leas Leanaí a aithint mar an rud is tábhachtaí, beag beann ar chúrsaí eile
   (b) Cloí ina iomláine leis na dualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile ábhartha a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí.
   (c) Comhoibriú go huile is go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsaí chosaint agus leas leanaí.
   (d) Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar phriacail neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faillí ina gcoinne.
   (e) Nós na hoscailteachta le tuismitheoirí a fhorbairt agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh; agus
   (f) Meas a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí chosaint leanaí.

   Tá na nósanna imeachta/beartais seo a leanas i bhfeidhm:

(a) Maidir le haon bhall foirne atá ina (h)ábhar fiosrúcháin (pé cur síos a dhéantar air) maidir le haon ghníomh, le haon neamhghníomh, nó le haon chás, maidir le haon pháiste atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta leagtha amach i gCaibidil a 7 de na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna 2017 agus leis na nósanna imeachta ábhartha smachta aontaithe do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na ROS.

(b) Maidir le roghnú nó earcú na mball agus lena n-oiriúnacht chun obair le páistí, cloíonn an scoil le riachtanais ghrinnfhiosraithe reachtúla an Achta BGN (Leanaí agus daoine soghonta) 2012 go 2016 agus le treoir níos forleithne dhualgas chúraim leagtha amach i gciorcláin ábhartha na nGardaí um ghrinnfhiosrú agus um earcú atá foilsithe ag an ROS agus ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS.

(c) Maidir le soláthar an eolais agus, nuair is gá, teagaisc agus oiliúna don fhoireann maidir le déanamh díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san Acht 2015), déanann an scoil;

  i. Cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do na baill foirne ar fad.
  ii. Cinnte de go ndéantar cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do gach ball foirne nua
  iii. An fhoireann a spreagadh leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  iv. Baill an Bhoird Bhainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  v. (faoi chúram an Bhoird Bhainistíochta) taifead a choimeád d'oiliúint na mball agus bhaill foirne an Bhoird Bhainistíochta.

(d) Maidir le tuairisciú buarthaí faoi chosaint leanaí do Tusla, tá ceangal ar gach ball foirne scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna 2017, i gcás múinteoirí cláraithe, na cinn sinn a bhaineann le tuairsciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san áireamh.

(e) Sa scoil seo, tá an DIA thuasainmnithe ceaptha ag an mBord mar an duine ábhartha (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) le bheith ina chéadphointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile.

5. Tá gach aon mhúinteoir cláraithe fostaithe ag an scoil ina nduine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

6. De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá an Bord tar éis measúnacht priacail a dhéanamh ar an bhféidearthacht díobhála do pháistí agus iad ag freastal ar scoil nó ag glacadh páirte in imeachtaí na scoile. Tá measúnacht scríofa a leagann amach na réimsí priacail aitheanta agus na nósanna imeachta chun na priacail sin a bhainistiú ceangailte mar aguisín leis na nósanna seo.

7. Tá fáil ar na nósanna imeachta éagsúla a ndéantar tagairt dóibh sa Ráiteas seo ar shuíomh idirlín na ROS nó ar fáil ó scoil ach é a iarraidh.

**Nóta:** Níl an méid thuasluaite le bheith ina liosta uileghabhálach. Cuimseoidh Boird Bhainstíochta éagsúla nósanna imeachta/beartais eile a bhaineann le hábhar sa scoil atá i gceist.

8. Tá an ráiteas thuas foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé curtha ar fáil go gach ball foirne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dóibh) agus don Phátrún. Is furasta do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí teacht air ach é a iarraidh. Déanfar cóip den Ráiteas a chur ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar.

9. Déanfar Aithbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athruithe ábhartha ar aon rud a ndéanann an Ráiteas seo tagairt dó.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí ar 22/02/2018

Sínithe: **Beití Mhic Amhlaoibh**
Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: 22/02/2018

Sínithe: **Joe Ó Dónaill**
Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: 22/02/2018

## Aguisín A: Measúnú Priacail Ghaelscoil Míde

| Liosta na nImeachtaí Scoile | Leibhéal Priacail | D'aithin an scoil na priacail díobhála seo a leanas a mbainfidh leis na himeachtaí seo | Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an scoil le dul i ngleic leis na priacail díobhála a aithníodh sa mheasúnacht seo. |
|---|---|---|---|
| An Bus Scoile | Ard/ Meánach | ● Díobháil ó na tiománaithe<br>● Strainséirí ag stad an bhus<br>● Díobháil ó daoine ag bailiú leanaí eile<br>● Díobháil ó iompair mícheart ar an mbus | ● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar na tiománaithe<br>● Cinnire (páiste sinsearach) chun iompar ceart a thaispeáint agus aire/súil a choimeád ar leanaí níos óige<br>● Polasaí go gcaithfidh duine fásta páistí a bhailiú agus a thabhairt go dtí stad an bhus gach maidin/tráthnóna |
| Daltaí i gceantar na scoile roimh oscailt na ngeataí | Meánach | ● Díobháil ó strainséirí<br>● Díobháil ó dhaoine fásta ag crochadh thart | ● Litir imithe abhaile ag míniú nach mbeidh an scoil oscailte nó freagrach as daltaí roimh 8.40am<br>● Bíonn geataí na scoile dúnta go dtí 8.40am.<br>● An geata mór oscailte do charranna na foirne amháin agus litir curtha abhaile maidir leis sin.<br>● Fógraí rialta ag meabhrú do dhaltaí gan 'bheith leo féin i gceantar na scoile roimh 8.50am. |
| Daltaí sa chlós idir 8.40am agus 8.50am | Íseal | ● Tuismitheoirí eile thart.<br>● Geataí oscailte: páiste ag rith amach/abhaile | ● Múinteoir sa chlós ó 8.40am-8.50am.<br>● Bíonn gach duine sa chlós mór.<br>● Polasaí maoirseachta |
| Daltaí sa halla ar lá fliuch idir 8.40am agus 8.50am | Íseal | ● Díobháil ó phearsanra na scoile | ● Páistí ag suí síos.<br>● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar fheitheoirí<br>● Leithreas faoi thionlacan<br>● Polasaí maoirseachta |
| Múinteoireacht ranga | Íseal | ● Díobháil a bhaineann le hiompar mhíoiriúnach ó phearsanra na scoile, ó chuairteoirí ranga agus ó dhaltaí eile | ● Múinteoir gan a bheith leo féin le páiste ach amháin le doras oscailte<br>● Múinteoir le bheith i láthair nuair a bhíonn cuairteoir sa rang<br>● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar gach ball foirne/cuairteoirí ranga<br>● Rialacha an leithris<br>● Cód iompair na scoile<br>● Polasaí maoirseachta<br>● Polasaí frithbhulaíochta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Obair thacaíocht foghlama | Íseal | ● Díobháil ó phearsanra na scoile | ● Polasaí i bhfeidhm ag an scoil maidir le múinteoirí le páistí aonaracha/grúpaí beaga<br>● Doras oscailte nuair is paiste aonarach atá i gceist<br>● Bailítear/fágtar ar ais páistí sna ranganna. |
| Múinteoireacht duine ar dhuine | Íseal | ● Díobháil ó phearsanra na scoile. | ● Polasaí i bhfeidhm ag an scoil maidir le múinteoirí le páistí aonaracha/grúpaí beaga.<br>● Doras oscailte nuair is páiste aonarach atá i gceist |
| Na leithris: Úsáid i rith am scoile | Íseal | ● Díobháil ó pháistí eile. | ● Páiste amháin sa leithreas ag an am. |
| Na Leithris: Úsáid i rith am Sosa/Lóin | Íseal | ● Díobháil ó phearsanra na scoile nó ó chuairteoir<br>● Díobháil ó pháistí eile | ● Ní bhíonn páiste riamh leo féin sa scoil. Bíonn ar pháiste ó Rang 5 nó Rang 6 teacht isteach ón gclós leis an pháiste agus fanacht ag doras Rang 1/2 go mbíonn siad críochnaithe. |
| Na Leithris: Úsáid nuair nach bhfuil tú i do rang féin | Meánach/ Íseal | ● Go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile nó páiste eile díobháil don pháiste | ● Téann an paiste agus cara go dtí an seomra ranga is cóngaraí dóibh; paiste amháin sa leithreas ag an am; fanann an cara taobh amuigh.<br>● Doras oscailte ag Rang 1 thuas staighre 'fhad agus atá paiste ón rang ag úsáid an leithreas i rang eile |
| Am sosa/lóin: ag fanacht istigh | Íseal | ● Díobháil do pháistí | ● Polasaí Maoirseachta |
| Imeachtaí múinteoireachta lasmuigh | Íseal | ● Díobháil a bhaineann le hiompar míoiriúnach múinteora/cinnire/strainséara<br>● Iompar míoiriúnach ó pháistí eile | ● Múinteoir gan a bheith leo féin le páiste<br>● Múinteoir le bheith i láthair nuair a bhíonn strainséir thart<br>● Cód iompair na scoile maidir le gníomhaíochtaí lasmuigh<br>● Polasaí maoirseachta<br>● Rialacha *Bí Sábháilte* |
| Cúram do pháistí le riachtanais, riachtanais dlúthphearsanta san áireamh | Íseal | ● Go ndéanfadh páiste eile nó ball d'fhoireann na scoile díobháil don pháiste<br>● Bulaíocht | ● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar gach ball foirne<br>● Polasaí frithbhulaíochta i bhfeidhm.<br>● Polasaí ag an scoil maidir le paistí aonaracha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tabhairt amach leighis | Íseal | ● Díobháil ón duine ag tabhairt amach an leigheas | ● Polasaí agus nósanna imeachta ag an scoil<br>● Traenáil ar fhoireann na scoile<br>● CRS i gceannas ar leigheas agus tuairisc scríofa ar pháistí áirithe<br>● Tuairisc déanta nuair is cuí gach uair atá leigheas le tabhairt amach agus tuismitheoirí curtha ar an eolas<br>● Leigheas le tógáil os comhair páistí nó duine fásta eile. |
| Garchabhair | Íseal | ● Díobháil ón bhall foirne | ● Polasaí agus nósanna imeachta garchabhracha i bhfeidhm<br>● Traenáil ar fáil don fhoireann<br>● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar an fhoireann<br>● Boscaí garchabhracha ar fáil sa chlós agus ar fud na scoile |
| Páistí atá tinn ag fanacht istigh | Íseal | ● Díobháil do pháistí | ● Ag fanacht istigh ag am lóin/sosa díreach lasmuigh don seomra foirne.<br>● Ní bhíonn paistí 'riamh leo féin |
| Cosc a chur ar thromaíocht agus déileáil Leis | Meánach | ● Bulaíocht.<br>● Díobháil do pháistí. | ● Cód Frithbhulaíochta.<br>● Cód Iompair. |
| Cúram páistí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu:<br>- Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh<br>- An lucht siúil<br>- Daltaí ó mhionlaigh chreidimh<br>- Daltaí faoi chúram an stáit<br>- Daltaí ar an gcóras fógartha um chosaint leanaí | Íseal | ● Bulaíocht. | ● Cód Frithbhulaíochta.<br>● Cód Iompair. |
| Daltaí ar theachtaireachtaí ar fud na Scoile | Íseal | ● Díobháil do pháistí | ● Téann na páistí timpeall i mbeirteanna ar fud na háite ar theachtaireachtaí.<br>● Polasaithe Scoile i bhfeidhm: Cód Smachta, Cód Frithbhulaíochta, Ráiteas um Chumhdach Leanaí |
| Daltaí ar theachtaireachtaí in oifig an rúnaí | Íseal | ● Díobháil do pháistí | ● Téann na páistí timpeall i mbeirteanna ar fud na háite ar theachtaireachtaí.<br>● Polasaithe Scoile i bhfeidhm: Cód Smachta, Cód Frithbhulaíochta, Ráiteas um Chumhdach Leanaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Daltaí LADT (LGBT) nó daltaí a bhraitear le bheith LADT (LGBT) | Íseal | ● Bulaíocht. | ● Polasaí Frithbhulaíochta i bhfeidhm agus meas do dhaoine eile a mhúineadh tríd na hábhair OSPS agus OCG. |
| Soláthar an churaclaim: OSPS, OCG agus Bí Sábháilte san áireamh | Íseal | ● Nach mbeadh an curaclam múinte i gceart/ina iomlán | ● Múineann an scoil na hábhair díreach mar a mholtar.<br>● Taifead sa chuntas míosúil |
| Úsáid TEC ag daltaí na scoile | Meánach | ● Díobháil do pháistí.<br>● Bulaíocht. | ● Cód Frithbhulaíochta.<br>● Polasaí Gléasanna Leictreonacha.<br>● Polasaí úsáide inghlactha.<br>● Múinteoir i gcónaí ag déanamh maoirseacht ar sheisiúin ar an idirlíon.<br>● Bogearraí scagtha |
| Cur i bhfeidhm smachtbhannaí mar chuid den chód iompair – coimeáid, tógáil gutháin etc: ag an Múinteoir | Íseal | ● Dochar do pháistí mura gcloíonn an múinteoir leis an Chód Iompair. | ● Cód Iompar léite agus á chleachtadh ag gach múinteoir agus ar fáil i ngach seomra ranga. |
| Cur i bhfeidhm Smachtbhannaí mar chuid den Chód Iompair – coimeáid, tógáil gutháin etc: ag an Príomhoide | Íseal | ● Dochar do pháistí mura gcloíonn an príomhoide leis an Chód Iompair. | ● Cód Iompar léite agus á chleachtadh ag an bpríomhoide.<br>● Doras oscailte má táthar ag plé le páiste aonarach. |
| Bainistíocht ar iompar dúshlánach agus úsáid srianta nuair is cuí | Meánach/ Íseal | ● Díobháil ón mball foirne<br>● Baol go ngortóidh ball foirne an páiste agus iad ag iarraidh an páiste a shocrú<br>● Baol ann nach n-aithneoidh ball foirne díobháil agus nach ndéanfar tuairisc chuig TUSLA | ● Céimeanna agus polasaí ann chun treoirlínte a thabhairt do mhúinteoirí/CRS<br>● Traenáil faighte faoi úsáid srianta<br>● Tuairisc scríofa ar gach eachtra le tabhairt don phríomhoide<br>● Caithfidh ar a laghad beirt mhúinteoir nó CRS a bheith i láthair nuair is féidir |
| Oiliúint ar fhoireann na scoile faoi chúrsaí chosaint leanaí | Íseal | ● Easpa tuisceana ar cad is brí le 'dochar'.<br>● Gan dochar a thuairisciú in am/i gceart. | ● **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** agus **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí** ar fáil do gach ball foirne.<br>● DIA agus DIAT ag freastal ar oiliúint aghaidh ar aghaidh.<br>● Foireann ag féachaint ar mhodúl oiliúna TUSLA agus ar oiliúint eile curtha ar fáil ag SFGM.<br>● Bord Bainistíochta ag coimeád taifead ar oiliúint sa scoil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Daoine seachtracha a chuireann leis an gcuraclam | Íseal | ● Díobháil do pháistí. | ● Bíonn an múinteoir i gcónaí i láthair nuair atá duine seachtrach leis an rang.<br>● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar an duine seachtrach. |
| Rince gaelach | Íseal | ● Díobháil do pháistí. | ● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar an múinteoir rince.<br>● Múinteoir ranga le fanacht leis an rang le linn am rince. |
| Spórt le Traenálaí | Íseal | ● Díobháil do pháistí. | ● Polasaí Maoirseachta<br>● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar an traenálaí.<br>● Múinteoir ranga le fanacht leis an rang le linn na traenála. |
| Earcú Baill Foirne na Scoile, ina measc:<br>- Múinteoirí<br>- CRS<br>- Airíoch<br>- Rúnaí<br>- Glantóirí<br>- Oiliúnóirí Spóirt<br>- Teagascóirí Seachtracha<br>- Aoichainteoirí<br>- Oibrithe Deonacha<br>- Tuismitheoirí | Íseal | ● Díobháil do pháistí. | ● Grinnscrúdú na nGardaí déanta orthu.<br>● Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí ar fáil do gach ball foirne/cuairteoir/ranga. |
| Úsáid áiseanna nach bhfuil ar láthair na Scoile | Íseal | ● Timpeallacht oscailte<br>● Díobháil do pháistí de bharr iompar mhíoiriúnach | ● Maoirseacht cheart<br>● Rialacha an leithris agus cinnire chun páistí a thionlachán<br>● Grinnscrúdú na ngardaí déanta ar gach cúntóir fásta |
| Grianghraif scoile | Ard | ● Bulaíocht<br>● Grianghraf a úsáid gan cead/a mhí-úsáid | ● Polasaí Frithbhulaíochta<br>● Cód Iompair<br>● Polasaí na scoile maidir le grianghraif tógtha de dhaltaí scoile |
| Grianghraif/físeáin tógtha ag daoine eile | Ard | ● Grianghraif a úsáid gan cead/a mhí-úsáid | ● Meabhrú ag gach ócáid nach bhfuil cead grianghraif a fhoilsiú |
| Úsáid físeáin/mheáin eile chun taifead a dhéanamh ar imeachtaí scoile | Ard | ● Díobháil do pháistí má scaipfear íomhánna. | ● Polasaí Scoile maide le físeáin/grianghraif. |
| Grianghraif agus físeáin a ghlactar sa scoil ag ócáidí scoile ag tuismitheoirí etc | Ard | ● Grianghraif foilsithe nó úsáid míchuí bainte astu gan chead | ● Ní féidir daoine a stopadh ag úsáid na bpictiúr seo ach déantar fógra ag gach ócáid scoile nach bhfuil cead iad a fhoilsiú ar na meáin shóisialta/ar líne etc. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mic Léinn ar shocrúchán scoile | Íseal | • Díobháil do pháistí | • Grinnscrúdú na nGardaí déanta agus an teastas a bheith ar fáil.<br>• Polasaí Maoirseachta |
| Mic Léinn ar thaithí oibre | Íseal | • Díobháil do pháistí | • Grinnscrúdú na nGardaí déanta agus an teastas a bheith ar fáil.<br>• Polasaí Maoirseachta |
| Siúlóidí lasmuigh den Scoil | Íseal | • Díobháil do pháistí | • Níos mó ná múinteoir amháin a bheith leo.<br>• Polasaí Maoirseachta. |
| Cuairteoirí ar láthair na scoile le linn an lae | Íseal | • Díobháil do pháistí ó na cuairteoirí. | • Polasaí scoile maidir le tuismitheoirí/cuairteoirí sa scoile.<br>• Polasaí Maoirseachta. |
| Cuairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile | Íseal | • Díobháil do pháistí atá ag freastal ar imeachtaí i ndiaidh am scoile | • Polasaí Slándála agus Sábháilteachta<br>• Polasaí Maoirseachta. |
| Conraitheoirí ar láthair na scoile i rith am scoile | Íseal | • | • Polasaí Scoile maidir le tuismitheoirí/cuairteoirí sa scoile.<br>• Polasaí Maoirseachta. |
| Conraitheoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile | Íseal | • Díobháil do pháistí atá ag freastal ar imeachtaí i ndiaidh am scoile | • Polasaí Slándála agus Sábháilteachta<br>• Polasaí Maoirseachta. |
| Imeachtaí thiomsú airgid a bhfuil daltaí páirteach Iontu | Íseal | • Díobháil do pháistí ó pháistí eile/strainséir. | • Múinteoir/Cinnire a bheith i láthair nuair a bhailítear airgead.<br>• Maoirseacht cheart a bheith ar siúil ag na himeachtaí.<br>• Grinnscrúdú na ngardaí ar gach cúntóir fásta |
| Peil, iomáint, camógaíocht-Traenáil | Meánach | • Páiste ag dul go dtí an leithreas, ag buaileadh le daoine<br>• Dul abhaile | • Leithreas i mbeirteanna<br>• Litir éigeantach le rá conas atá siad ag dul abhaile<br>• Rialacha *Bí Sábháilte* a mheabhrú dóibh. |
| Peil, Iomáint, camógaíocht- Cluichí | Meánach | Díobháil do phaistí:<br>▯ Ag dul abhaile<br>▯ Ag úsáid an leithreas<br>▯ Ar an taobh líne | • Níl cead acu teacht gan litir<br>• Ní fhágann an múinteoir go dtí go bhfuil gach páiste imithe<br>• Leithreas i mbeirteanna<br>• Fanacht le chéile ar an taobh líne i ngrúpa in aice leis an múinteoir |
| Cispheil, traenáil | Íseal | • Díobháil do phaistí | • Múinteoir ag tabhairt cead, leithreas sa halla, ag dul i mbeirteanna. Téann siad le chéile i rith am sosa ón gcispheil, de ghnáth, ach amháin má bhíonn géar-ghá.<br>• Múinteoir sa halla an t-am ar fad agus é/í aireach.<br>• Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar an traenálaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Daltaí ag dul ar Aifreann | Íseal | ● Díobháil ó dhaoine eile sa séipéal. | ● Rialacha an leithris agus cinnire chun páistí a thionlacan<br>● Polasaí Maoirseachta. |
| An Chéad Chomaoineach/Fhaoistin | Íseal | ● Díobháil ó dhaoine eile sa séipéal. | ● Rialacha an leithris agus cinnire chun páistí a thionlacan<br>● Polasaí Maoirseachta. |
| Cóineartú | Íseal | ● Díobháil do pháistí ó pháistí eile, strainséir nó foireann na scoile | ● Maoirseacht leithris<br>● Polasaí maidir le grianghraif agus na meáin shóisialta<br>● Béim a chur ar rialacha *Bí Sábháilte*. |
| Dráma na Nollag | Meánach | ● Díobháil do pháistí | ● Rialacha an leithris agus cinnire chun páistí a thionlacan<br>● Polasaí Maoirseachta. |
| Turais scoile | Ard/ Meánach | ● Taisteal poiblí<br>● Turas scoile atá oscailte don phobal, m.sh. an Zú<br>● Íseal más an scoil amháin atá san ionad. | ● Bus scoile príobháideach a úsáid<br>● Ar a laghad triúr múinteoirí in éineacht le híseal ranganna; beirt mhúinteoirí leis na hardranganna.<br>● Aire agus duine fásta leo i gcónaí<br>● Rialacha an leithris agus cinnire chun páistí a thionlacan |
| Turais go dtí an chathair | Ard | ● Díobháil do pháistí | ● Bus príobháideach a úsáid nuair is féidir.<br>● Polasaí Maoirseachta. |
| Taisteal ar an DART, busanna poiblí | Ard | ● Díobháil do pháistí ó dhaoine anaithnide. | ● Polasaí Maoirseachta<br>● Ar a laghad triúr múinteoirí in éineacht le híseal ranganna; beirt mhúinteoirí leis na hardranganna.<br>● Córas *Buddy* i bhfeidhm leis na hísealranganna. |
| Ceol tar éis am scoile | Meánach | ● Díobháil do pháistí ó dhaoine anaithnide a bheith sa scoil. | ● An Coiste Ceoil ag stiúradh bhailiúchán na bpáistí ón halla.<br>● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar bhaill den Choiste Ceoil, ar na múinteoirí ceoil agus ar na maoirseoirí sa halla. |
| Snámh tar éis am scoile | Ard | ● Díobháil do pháistí<br>● Iompar mhíoiriúnach | ● Polasaí i bhfeidhm ag an gCoiste Snámha/ionad snámha.<br>● Fanann tuismitheoir/caomhnóir ann don tréimhse (níl cead ag páistí freastal gan caomhnóir a bheith leo).<br>● Grinnscrúdú na nGardaí déanta ar gach duine ábharthach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Lá spóirt | Meánach | ● Díobháil a bhaineann le hiompar mhíoiriúnach phearsanra na scoile/ tuismitheora/strainséara agus na páistí eile | ● Múinteoir gan a bheith leo féin le páiste<br>● Múinteoir le bheith i láthair nuair a bhíonn strainséir thart<br>● Timpeallacht oscailte faoi mhaoirseacht.<br>● Cód Iompair na Scoile.<br>● Rialacha *Bí Sábháilte* |

**Teimpléad Éigeantach 2 : Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí**

**Ceanglaítear ar an mBord Bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) go* gcaithfidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus go n-úsáidfear an seicliosta seo a leanas chun na críche sin. Ní mór an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích gach bliain ní chomh luath agus is féidir ar bhonn praiticiúil tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar rud ar bith a bhaineann leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Cinnteofar freisin le tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil go gcomhlíonfaidh scoil a hoibleagáid reachtúil faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí gach aon dhá bhliain.**

**Ceapadh an seicliosta mar chabhair d'fhonn tabhairt faoin athbhreithniú sin agus níl sé beartaithe mar liosta uileghabhálach de na saincheisteanna atá le breithniú. Áireofar ar Bhoird Bainistíochta aonair míreanna eile a chur san áireamh sa seicliosta a bhaineann leis an scoil atá i gceist.**

**Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe foriomlán, ba cheart do Bhoird Bainistíochta polasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha scoile a mheas i leith a gcomhlíonadh le prionsabail an chleachtais is fearr maidir le cumhdach agus leas leanaí mar atá leagtha amach i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) agus sna *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).***

| | |
|---|---|
| | |
| **1. Ar ghlac an Bord go foirmiúil le Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Ghlac** |
| **2. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit fheiceálach gar do phríomhbhealach isteach na scoile?** | **Tá** |
| **3. Mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, ar ghlac an Bord go foirmiúil, gan aon mhodhnú, leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Ghlac** |
| **4. An bhfuil measúnú i scríbhinn maidir le riosca mar atá riachtanach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? (Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne mar a cheanglaítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí)** | **Tá** |
| **5. An ndearna an Bord athbhreithniú agus nuashonrú nuair is gá ar an measúnacht scríofa ar riosca mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?** | **Rinne** |
| **6. Ar cuireadh san áireamh sa Mheasúnú Riosca an riosca díobhála a bhaineann le teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda?** | **Chuir** |
| **7. Ar fhreastail an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?** | **D'fhreastail** |
| **8. Ar fhreastail an leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?** | **D'fhreastail** |
| **9. Ar fhreastail aon bhaill den Bhord ar oiliúint um chosaint leanaí?** | **D'fhreastail** |

| | |
|---|---|
| **10. An bhfuil Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha faoi láthair?** | **Tá** |
| **11. An bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha (Tusla agus An Garda Síochána) ar fáil?** | **Tá** |
| **12. An bhfuil socruithe i bhfeidhm ag an mBord chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur in iúl do phearsanra nua scoile?** | **Tá** |
| **13. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil pearsanra uile na scoile curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015?** | **Tá** |
| **14. An bhfuair an Bord Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí (TMCL) ón bPríomhoide ag gach cruinniú Boird a tionóladh ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach?** | **Fuair** |
| **15. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar áiríodh an fhaisnéis ar fad a bhí faoi cheangal sa TMCL faoi gach ceann de na 4 cheannteideal a leagtar amach in ailt 9.5 go 9.8 agus an dá alt sin san áireamh, sna nósanna imeachta?** | **Áiríodh** |
| **16. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar soláthraíodh na doiciméid ar fad don Bhord agus ar athbhreithnigh an Bord gach doiciméad a bhaineann leis an TMCL?** | **Soláthraíodh**<br>**D'athbhreithnigh** |
| **17. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na taifid a tugadh don bhord bainistíochta le déanamh anaithnid agus le leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile, an ball foirne scoile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc san áireamh.** | **Tá** |
| **18. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, an ndearnadh taifead mar is cuí i miontuairiscí** | **Rinneadh** |

| | |
|---|---|
| **gach cruinniú Boird ar na taifid a cuireadh ar fáil don Bhord mar chuid de thuarascáil TMCL?** | |
| **19. An dearnadh tuarascáil TMCL a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird?** | **Rinneadh** |
| **20. An bhfuil an Bord sásta gur leanadh na nósanna imeachta um chosaint leanaí go cuí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air?** | **Tá** |
| **21. An bhfuil an Bord sásta, ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach, go bhfuiltear ag déanamh gach beart iomchuí nó go ndearnadh gach beart iomchuí i leith aon bhall de phearsanra na scoile a ndearnadh líomhain mí-úsáide nó faillí ina c(h)oinne?*** | **N?A** |
| **22. Nuair ab infheidhme, ar úsáideadh aitheantóirí uathúla chun cúrsaí um chosaint leanaí a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird?** | **Úsáideadh** |
| **23. An bhfuil an Bord sásta go ndéantar gach taifead a bhaineann le cosaint leanaí a chomhdú agus a stóráil go sábháilte?** | **Tá** |
| **24. Ar chuir aon tuismitheoir in iúl don Bhord maidir leis an tuismitheoir sin nach bhfuair an fógra caighdeánach a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Níor chuir** |
| **25. Maidir le haon chásanna a sainaithníodh i gceist 20 thuas, ar chinntigh an Bord gur eisigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe aon fhógraí a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ina dhiaidh sin?** | **N/A** |

| | |
|---|---|
| 26. Ar chinntigh an Bord gur soláthraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó)? | Chinntigh |
| 27. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile curtha ar fáil don phátrún? | Chinntigh |
| 28. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do thuismitheoirí arna iarraidh sin? | Chinntigh |
| 29. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an clár Fan Sábháilte chun feidhme go hiomlán sa scoil? (baineann sé seo le bunscoileanna) | Chinntigh |
| 30. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an Clár Folláine do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí chun feidhme ina iomláine sa scoil? (baineann sé seo le hiar-bhunscoileanna) | N/A |
| 31. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil? | Chinntigh |
| 32. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)? * | Tá |
| 33. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh ceanglais na Roinne maidir le dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí agus an cineál gealltanais comhghaolmhar a sholáthar maidir le daoine a cheaptar i bpoist teagaisc agus neamhtheagaisc?* | Tá |
| 34. An bhfuil an Bord sásta, ó thaobh cosaint leanaí de, go gcuireann an scoil nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin críochnúla i bhfeidhm maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)?* | Tá |
| 35. An ndearna an Bord breithniú agus ar thug sé aghaidh ar aon ghearáin nó moltaí ó thaobh | N/A |

| | |
|---|---|
| **feabhsúcháin maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?** | |
| **36. Ar lorg an Bord aiseolas ó thuismitheoirí maidir le comhlíonadh na scoile leis na ceanglais a bhaineann le cumhdach leanaí mar atá de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Lorg** |
| **37. Ar lorg an Bord aiseolas ó dhaltaí maidir leis na socruithe um chumhdach leanaí atá ag an scoil?** | **Lorg** |
| **38. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017' á gcur chun feidhme go hiomlán agus go leordhóthanach ag an scoil?** | **Tá** |
| **39. Ar shainaithin an Bord aon ghné de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?** | **Níor shainaithin** |
| **40. An bhfuil plean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm ag an mBord ina bhfuil amlínte iomchuí luaite chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a sainaithníodh a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?** | **N/A** |
| **41. Ar chinntigh an Bord gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar aon réimsí le feabhsú mar a sainaithníodh iad in aon athbhreithniú roimhe seo ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?** | **N/A** |

*** I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) mar fhostóir is ar an BOO lena mbaineann atá an fhreagracht riachtanais an fhostóra a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an cheist seo a chomhlánú tar éis dul i gcomhairle leis an BOO.**

**Síniú** **Dáta: 13/2/2025**

**An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta**

**Síniú :** **Dáta: 13/2/2025**

**An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta**

**Nóta : I gcás ina bhfuil scoil atá ag tabhairt faoina céad athbhreithniú, glacfar le tagairtí sa seicliosta seo don "athbhreithniú deireanach" chun tagairt a dhéanamh don dáta ar cuireadh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí i bhfeidhm den chéad uair.**

**Gaelscoil Míde Child Safeguarding Statement**

Gaelscoil Míde is a primary/post-primary school providing primary education to pupils from Junior Infants to Sixth Class.

In accordance with the requirements of the Children First Act 2015, Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2017, the Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017 and Tusla Guidance on the preparation of Child Safeguarding Statements, the Board of Management of Gaelscoil Míde has agreed the Child Safeguarding Statement set out in this document.

10. The Board of Management has adopted and will implement fully and without modification the Department's Child Protection Procedures for primary and post-primary Schools 2017 as part of this overall Child Safeguarding Statement.

11. The Designated Liaison Person (DLP) is: **Joe Ó Dónaill** (Príomhoide)

12. The Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP) is: **Caitríona Ní Dhonnchu** (Príomhoide Tánaisteach)

13. The Board of Management recognises that child protection and welfare considerations permeate all aspects of school life and must be reflected in all of the school's policies, procedures, practices and activities. The school will adhere to the following principles of best practice in child protection and welfare. The school will:

a. recognise that the protection and welfare of children is of paramount importance, regardless of all other considerations
b. fully comply with its statutory obligations under the Children First Act 2015 and other relevant legislation relating to the protection and welfare of children
c. fully co-operate with the relevant statutory authorities in relation to child protection and welfare matters
d. adopt safe practices to minimise the possibility of harm or accidents happening to children and protect workers from the necessity to take unnecessary risks that may leave themselves open to accusations of abuse or neglect
e. develop a practice of openness with parents and encourage parental involvement in the education of their children; and
f. fully respect confidentiality requirements in dealing with child protection matters

The school will also adhere to the above principles in relation to any adult pupil with a special vulnerability.

14. The following procedures/measures are in place:

    a. In relation to any member of staff who is the subject of any investigation (howsoever described) in respect of any act, omission or circumstance in respect of a child attending the school, the school adheres to the relevant procedures set out in Chapter 7 of the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2017 and to the relevant agreed disciplinary procedures for school staff which are published on the DES website
    b. In relation to the selection or recruitment of staff and their suitability to work with children, the school adheres to the statutory vetting requirements of the National Vetting Bureau (Children and Vulnerable Persons) Acts 2012 to 2016 and to the wider duty of care guidance set out in relevant Garda vetting and recruitment circulars published by the DES and available on the DES website
    c. In relation to the provision of information and, where necessary instruction and training to staff in respect of the identification of the occurrence of harm (as defined in the 2015 Act) the school:
        i. Has provided each member of staff with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
        ii. Ensures all new staff are provided with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
        iii. Encourages staff to avail of relevant training
        iv. Encourages Board of Management members to avail of relevant training
        v. The Board of Management maintains records of all staff and Board member training.

    d. In relation to reporting of child protection concerns to Tusla, all school personnel are required to adhere to the procedures set out in the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2017, including in the case of registered teachers, those in relation to mandated reporting under the Children First Act 2015

e. In this school, the Board has appointed the above named DLP as the 'relevant person' (as defined in the Children First Act 2015) to be the first point of contact in respect of the school's child safeguarding statement.

15. All registered teachers employed by the school are mandated persons under the Children First Act 2015

16. In accordance with the Children First Act 2015, the Board has carried out an assessment of any potential for harm to a child while attending the school or participating in school activities. A written assessment setting out the areas of risk identified and the school's procedures for managing those risks is attached as an appendix to these procedures

17. The various procedures referred to in this Statement can be accessed via the DES website or will be made available on request by the school

**Note:** The above is not intended as an exhaustive list. Individual Boards of Management shall also include in this section such other procedures/measures that are of relevance to the school in question

18. This statement has been published on the school's website and has been provided to all members of school personnel, the Parents' Association (if any) and the patron. It is readily accessible to parents and guardians on request. A copy of this Statement will be made available to Tusla and the Department if requested.

19. This Child Safeguarding Statement will be reviewed annually or as soon as practicable after there has been a material change in any matter to which this statement refers

This Child Safeguarding Statement was adopted by the Board of Management on **22/02/2018**

| | |
|---|---|
| Signed: **Beití Mhic Amhlaoibh** | Signed: **Joe Ó Dónaill** |
| Chairperson of BoM | Principal/Secretary to the BoM |
| Date: **22/02/2018** | Date: **22/02/2018** |

## Teimpléad Éigeantach 2 : Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

**Ceanglaítear ar an mBord Bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) go* gcaithfidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus go n-úsáidfear an seicliosta seo a leanas chun na críche sin. Ní mór an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích gach bliain ní chomh luath agus is féidir ar bhonn praiticiúil tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar rud ar bith a bhaineann leis**

**an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Cinnteofar freisin le tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil go gcomhlíonfaidh scoil a hoibleagáid reachtúil faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí gach aon dhá bhliain.**

**Ceapadh an seicliosta mar chabhair d'fhonn tabhairt faoin athbhreithniú sin agus níl sé beartaithe mar liosta uileghabhálach de na saincheisteanna atá le breithniú. Áireofar ar Bhoird Bainistíochta aonair míreanna eile a chur san áireamh sa seicliosta a bhaineann leis an scoil atá i gceist.**

**Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe foriomlán, ba cheart do Bhoird Bainistíochta polasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha scoile a mheas i leith a gcomhlíonadh le prionsabail an chleachtais is fearr maidir le cumhdach agus leas leanaí mar atá leagtha amach i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) agus sna *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).***

| | |
|---|---|
| **1. Ar ghlac an Bord go foirmiúil le Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Ghlac** |
| **2. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit fheiceálach gar do phríomhbhealach isteach na scoile?** | **Tá** |
| **3. Mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, ar ghlac an Bord go foirmiúil, gan aon mhodhnú, leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Ghlac** |
| **4. An bhfuil measúnú i scríbhinn maidir le riosca mar atá riachtanach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? (Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne** | **Tá** |

| | |
|---|---|
| **mar a cheanglaítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí)** | |
| **5. An ndearna an Bord athbhreithniú agus nuashonrú nuair is gá ar an measúnacht scríofa ar riosca mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?** | **Rinne** |
| **6. Ar cuireadh san áireamh sa Mheasúnú Riosca an riosca díobhála a bhaineann le teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda?** | **Chuir** |
| **7. Ar fhreastail an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?** | **D'fhreastail** |
| **8. Ar fhreastail an leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?** | **D'fhreastail** |
| **9. Ar fhreastail aon bhaill den Bhord ar oiliúint um chosaint leanaí?** | **D'fhreastail** |
| **10. An bhfuil Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha faoi láthair?** | **Tá** |
| **11. An bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha (Tusla agus An Garda Síochána) ar fáil?** | **Tá** |
| **12. An bhfuil socruithe i bhfeidhm ag an mBord chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur in iúl do phearsanra nua scoile?** | **Tá** |
| **13. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil pearsanra uile na scoile curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015?** | **Tá** |
| **14. An bhfuair an Bord Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí (TMCL) ón bPríomhoide ag gach cruinniú Boird a tionóladh ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach?** | **Fuair** |

| | |
|---|---|
| **15. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar áiríodh an fhaisnéis ar fad a bhí faoi cheangal sa TMCL faoi gach ceann de na 4 cheannteideal a leagtar amach in ailt 9.5 go 9.8 agus an dá alt sin san áireamh, sna nósanna imeachta?** | **Áiríodh** |
| **16. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar soláthraíodh na doiciméid ar fad don Bhord agus ar athbhreithnigh an Bord gach doiciméad a bhaineann leis an TMCL?** | **Soláthraíodh**<br>**D'athbhreithnigh** |
| **17. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na taifid a tugadh don bhord bainistíochta le déanamh anaithnid agus le leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile, an ball foirne scoile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc san áireamh.** | **Tá** |
| **18. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, an ndearnadh taifead mar is cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird ar na taifid a cuireadh ar fáil don Bhord mar chuid de thuarascáil TMCL?** | **Rinneadh** |
| **19. An dearnadh tuarascáil TMCL a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird?** | **Rinneadh** |
| **20. An bhfuil an Bord sásta gur leanadh na nósanna imeachta um chosaint leanaí go cuí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air?** | **Tá** |
| **21. An bhfuil an Bord sásta, ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach, go bhfuiltear ag déanamh gach beart iomchuí nó go ndearnadh gach beart iomchuí i leith aon bhall de phearsanra na scoile a ndearnadh líomhain mí-úsáide nó faillí ina c(h)oinne?*** | **N?A** |
| **22. Nuair ab infheidhme, ar úsáideadh aitheantóirí uathúla chun cúrsaí um chosaint leanaí a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird?** | **Úsáideadh** |

| | |
|---|---|
| **23. An bhfuil an Bord sásta go ndéantar gach taifead a bhaineann le cosaint leanaí a chomhdú agus a stóráil go sábháilte?** | **Tá** |
| **24. Ar chuir aon tuismitheoir in iúl don Bhord maidir leis an tuismitheoir sin nach bhfuair an fógra caighdeánach a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Níor chuir** |
| **25. Maidir le haon chásanna a sainaithníodh i gceist 20 thuas, ar chinntigh an Bord gur eisigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe aon fhógraí a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ina dhiaidh sin?** | **N/A** |
| **26. Ar chinntigh an Bord gur soláthraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó)?** | **Chinntigh** |
| **27. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile curtha ar fáil don phátrún?** | **Chinntigh** |
| **28. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do thuismitheoirí arna iarraidh sin?** | **Chinntigh** |
| **29. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an clár Fan Sábháilte chun feidhme go hiomlán sa scoil? (baineann sé seo le bunscoileanna)** | **Chinntigh** |
| **30. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an Clár Folláine do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí chun feidhme ina iomláine sa scoil? (baineann sé seo le hiar-bhunscoileanna)** | **N/A** |
| **31. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil?** | **Chinntigh** |

| | |
|---|---|
| **32. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)? *** | **Tá** |
| **33. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh ceanglais na Roinne maidir le dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí agus an cineál gealltanais comhghaolmhar a sholáthar maidir le daoine a cheaptar i bpoist teagaisc agus neamhtheagaisc?*** | **Tá** |
| **34. An bhfuil an Bord sásta, ó thaobh cosaint leanaí de, go gcuireann an scoil nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin críochnúla i bhfeidhm maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)?*** | **Tá** |
| **35. An ndearna an Bord breithniú agus ar thug sé aghaidh ar aon ghearáin nó moltaí ó thaobh feabhsúcháin maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?** | **N/A** |
| **36. Ar lorg an Bord aiseolas ó thuismitheoirí maidir le comhlíonadh na scoile leis na ceanglais a bhaineann le cumhdach leanaí mar atá de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?** | **Lorg** |
| **37. Ar lorg an Bord aiseolas ó dhaltaí maidir leis na socruithe um chumhdach leanaí atá ag an scoil?** | **Lorg** |
| **38. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017' á gcur chun feidhme go hiomlán agus go leordhóthanach ag an scoil?** | **Tá** |
| **39. Ar shainaithin an Bord aon ghné de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?** | **Níor shainaithin** |

| | |
|---|---|
| **40. An bhfuil plean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm ag an mBord ina bhfuil amlínte iomchuí luaite chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a sainaithníodh a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?** | **N/A** |
| **41. Ar chinntigh an Bord gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar aon réimsí le feabhsú mar a sainaithníodh iad in aon athbhreithniú roimhe seo ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?** | **N/A** |

*** I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) mar fhostóir is ar an BOO lena mbaineann atá an fhreagracht riachtanais an fhostóra a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an cheist seo a chomhlánú tar éis dul i gcomhairle leis an BOO.**

**Síniú** **Dáta: 13/02/2025**

**An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta**

**Síniú :** **Dáta: 13/02/2025**

**An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta**

**Nóta : I gcás ina bhfuil scoil atá ag tabhairt faoina céad athbhreithniú, glacfar le tagairtí sa seicliosta seo don "athbhreithniú deireanach" chun tagairt a dhéanamh don dáta ar cuireadh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí i bhfeidhm den chéad uair.**